Cé chomh héifeachtach is atá sí?

Tá an vacsaín don fhliú éifeachtach go maith. Tá cuid mhaith cineálacha de fhliú ann agus cosnóidh an vacsaín ar na cineálacha is coitianta. Gheobhaidh méid beag daoine an fliú fiú amhain i ndiaidh dóibh an vacsaín a fháil ach is dócha go mbeidh an babhta fliú a bhfaighidh siad níos séimhe ná an babhta a bheadh orthu dá mbeidís gan an vacsaín a fháil.

Ní chosnaíonn an vacsaín daoine ach ar an fhliú amháin. Tá cuid mhór víreas a bhíonn ann gach geimhreadh is cúis le hairíonna atá cosúil le hairíonna an fhliú ach de ghnáth ní bhíonn siad chomh tromchúiseach leis an fhliú féin.

An mbaineann aon seachthoraidh leis an vacsaín?

Tá seans ann go mbeidh sé nimhneach go ceann tamaill bhig sa bhall den chorp ina bhfaightear an instealladh. Uaireanta bíonn fiabhras beag agus matáin nimhneacha ar dhaoine ar feadh cúpla lá i ndiaidh na vacsaíne. Is annamh a bhíonn freagairtí eile uirthi.

An bhfuil aon duine ann ar chóir dó gan an vacsaín a fháil?

Níor choir duit vaicsíniú a fháil má tú alléirgeach go dona le h-uibheacha cearc. Mura bhfuil tú cinnte labhair le do dhochtúir.

Cad é mar a fhaightear an vacsaín?

Téigh i dteagmháil le do ghnáthdhochtúir agus déan coinne leis chun an instealladh fliú a fháil nó faigh amach an bhfuil rún aige clinic fliú a thionól.

Le tuilleadh eolais ar an vacsaín don fliú a fháil:

Labhair le do ghnáthdhochtúir, le banaltra do ghnáthdhochtúra, le banaltra an cheantair, nó le poitigéir.

Health Promotion Agency

Health Promotion Agency for Northern Ireland
18 Ormeau Avenue, Belfast BT2 8HS
Tel: 028 9031 1611 Fax: 028 9031 1711
Website: www.healthpromotionagency.org.uk

10/04

Cosain thú féin

Ná faigh an fliú faigh an vacsaín

Health Promotion Agency

Irish translation
Catch the vaccine not the flu

Cad é is fliú ann?

Tugtar fliú uaireanta ar dhrochshlaghdán ach i ndáiríre is measa i bhfad an fliú.

Is galar iontach tógálach an fliú agus is víreas is cúis leis. Tá an fiabhras, creathanna fuaicht, tinneas cinn, matáin nimhneacha, an chasachtach, agus tinneas sceadamáin i measc chomharthaí an fhliú - agus toisc gur víreas é an fliú ní chuideoidh frithbheathaigh leis.

Bíonn an fliú ann gach geimhreadh ach bíonn an víreas ag athrú i rith an ama. Má bhí an fliú ort nó má fuair tú an vacsaín dó anuraidh féin, ní chosnóidh sé i mbliana tú.

Cé chomh tromchúiseach is atá an fliú?

Is olc an eachtra an fliú a bheith ar dhuine ar bith fiú amháin ar dhuine a bhfuil togha na sláinte air. Sna cásanna is measa de, féadann sé tinnis ar tromchúisí iad amhail an broincíteas agus an niúmóine a tharraingt agus caithfidh duine dul isteach san ospidéal leis.

Mar sin de, ná téigh sa seans - déan deimhin de nach bhfaighidh tú féin an fliú tríd an vacsaín a fháil.

Cé dó ar cheart an vacsaín a fháil?

- **Éinne in aois 65 bliana nó os a chionn, fiú má bhraitheann sé folláin agus sláintiúil anois.**

- **Páistí agus aosaigh a bhfuil aon cheann de na riochtanna géara seo acu:**

  - riocht ainsealach cliabhraigh, cosúil le h-asma;
  - riocht ainsealach croí;
  - diaibéiteas;
  - galar ainsealach duánach;
  - imdhíonacht íslithe de bharr galair nó cóireála cosúil le stéaróideacha nó teiripe ailse;
  - riocht leighis ar bith eile – labhair le do dhochtúir mura bhfuil tú cinnte.

- Páistí a ligeadh isteach san ospidéal cheana le h-ionfhabhtú cliabhraigh.

- Éinne i gcóiríocht chónaithe nó altranais, oir is féidir fliú a scaipeadh go tapaidh.

An féidir an fliú a fháil ón vacsaín?

NÍ FÉIDIR! Níl aon víreas beo sa vacsaín, agus mar sin de, ní thig léi an fliú a thabhairt duit.

Cá huair is fearr an vacsaín a fháil?

Is tábhachtach an vacsaín a fháil i nDéireadh Fómhair nó i dtosach Mhí na Samhna le bheith ábalta bua a bhreith ar an fhliú. Ná fan go mbeidh ráig an fhliú ann. Má fhanann tú go dtí sin, beidh sé rómhall.

Cad é mar a oibríonn an vacsaín?

Faoi cheann seachtaine go seachtain go leith i ndiaidh duit an vacsaín a fháil, déanann do chorp antashubstaintí ar víris na vacsaíne. Cuidíonn na hantashubstaintí seo le tú a chosaint ar aon víreas cosúil leo a thagann ort. Maireann an chosaint go ceann bliana.